C/2025/6794

30.12.2025

Foilsiú na teachtaireachta maidir le leasú caighdeánach formheasta ar shonraíocht táirge le haghaidh tásc geografach i gcomhréir le hAirteagal 5(4) de Rialachán Tarmligthe (AE) 2025/27 ón gCoimisiún [1]

(C/2025/6794)

TEACHTAIREACHT MAIDIR LE FORMHEAS AR LEASÚ CAIGHDEÁNACH

(Airteagal 24 de Rialachán (AE) 2024/1143)

'Franken'

Uimhir thagartha AE: PDO-DE-A1267-AM01 — 8.10.2025

1. **Ainm an táirge**

'Franken'

2. **Cineál an táisc gheografaigh**

☑ ATFC

☐ TGFC

☐ TG

3. **Earnáil**

☐ Táirgí talmhaíochta

☑ Fíon

☐ Deochanna biotáilleacha

4. **Tír ar léi an limistéar geografach**

An Ghearmáin

5. **Údarás an Bhallstáit a bhfuil an leasú caighdeánach á chur in iúl aige**

Ainm

An Aireacht Cónaidhme Talmhaíochta, Bhia agus Aitheantais Réigiúnaí [Bundesministerium für Landwirtschaft, Ernährung und Heimat]

Ainm

An Oifig Cónaidhme Talmhaíochta agus Bia [Bundesanstalt für Landwirtschaft und Ernährung]

6. **Incháilitheacht mar leasú caighdeánach**

Measann údaráis na Gearmáine go gcomhlíonann an t-iarratas ceanglais Rialacháin (AE) Uimh. 1308/2013 agus (AE) 2024/1143. Is leasuithe caighdeánacha iad na leasuithe ar an tsonraíocht táirge de réir an tsainmhínithe a leagtar síos in Airteagal 24(4) de Rialachán (AE) 2024/1143.

[1] Rialachán Tarmligthe (AE) 2025/27 ón gCoimisiún an 30 Deireadh Fómhair 2024 lena bhforlíontar Rialachán (AE) 2024/1143 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle le rialacha a bhaineann le tásca geografacha, sainearraí traidisiúnta faoi ráthaíocht agus téarmaí roghnacha cáilíochta a chlárú agus a chosaint agus lena n-aisghairtear Rialachán Tarmligthe (AE) Uimh. 664/2014 (IO L, 2025/27, 15.1.2025, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_del/2025/27/oj).

Ní bhaineann an t-iarratas ar leasú ar ATFC 'Franken' le haon cheann de na trí chás ar leasú ar leibhéal an Aontais iad; go sonrach:

(a) níl i gceist leis athrú ar an ainm ná ar úsáid an ainm, ná ar na táirgí nó ar na catagóirí táirgí arna n-ainmniú leis an tásc geografach;

(b) níl an baol ann dá dheasca go gcuirfí an nasc leis an limistéar geografach ar neamhní;

(c) níl srianta breise ar mhargú an táirge i gceist leis.

Measann údaráis na Gearmáine dá bhrí sin gur le haghaidh leasú caighdeánach atá an t-iarratas.

7. **Tuairisc ar an leasú caighdeánach (nó ar na leasuithe caighdeánacha) formheasta**

Ceannteideal

Tuairisc ar an bhfíon / ar na táirgí fíniúna

Tuairisc

Rinneadh an fhaisnéis maidir le neart alcóil nádúrtha íosta a oiriúnú.

Baineadh an fhaisnéis maidir le meáchan an úrfhíona.

☐ Déanann an leasú difear don doiciméad aonair.

Ceannteideal

Tuairisc ar an bhfíon / ar na táirgí fíniúna

Tuairisc

Soláthraíodh tuairisc orgánaileipteach ar na táirgí éagsúla.

☑ Déanann an leasú difear don doiciméad aonair.

Ceannteideal

Cleachtais fhíoneolaíocha shonracha

Tuairisc

Scriosadh an fhaisnéis a bhí ann roimhe seo agus rinneadh tagairt anois don reachtaíocht atá ann cheana maidir le cleachtais fhíoneolaíocha shonracha, srianta ábhartha ar chleachtais fhíoneolaíocha agus saothraithe.

☑ Déanann an leasú difear don doiciméad aonair.

Ceannteideal

Limistéar geografach sainithe

Ceannteideal

Baineadh na bardais (aonaid chadastracha) seo a leanas agus na ceantair a ghabhann leo:

— réigiún rialtais Oberfranken, ceantar tuaithe Bamberg: Kemmern;

— réigiún rialtais Mittelfranken, ceantar tuaithe Neustadt an der Aisch – Bad Windsheim: Markt Erlbach, Uffenheim;

— réigiún rialtais Unterfranken, ceantar tuaithe Haßberge: Wonfurt;

— réigiún rialtais Unterfranken, ceantar tuaithe Kitzingen: Martinsheim, Wiesentheid;

— réigiún rialtais Unterfranken, ceantar tuaithe Main-Spessart: Haßloch;

— réigiún rialtais Unterfranken, ceantar tuaithe Schweinfurt: Röthlein, Werneck;

— réigiún rialtais Unterfranken, ceantar tuaithe Würzburg: Altertheim, Aub, Bieberehren, Höchberg, Holzkirchen, Prosselsheim.

Cuireadh isteach na bardais (aonaid chadastracha) seo a leanas agus na ceantair a ghabhann leo:

— réigiún rialtais Mittelfranken, ceantar tuaithe Neustadt an der Aisch – Bad Windsheim: Neustadt an der Aisch;

— réigiún rialtais Unterfranken, ceantar tuaithe Bad Kissingen: Sulzthal;

— réigiún rialtais Unterfranken, ceantar tuaithe Miltenberg: Röllbach.

☑ Déanann an leasú difear don doiciméad aonair.

Ceannteideal

Uastáirgeacht in aghaidh an heicteáir

Tuairisc

Rinneadh foráil maidir leis an rogha barrachais 20 % breise a stóráil de bhreis ar na ceanglais atá ann cheana.

Tá sé luaite freisin go bhfuil feidhm ag uastáirgeacht 70 hl/ha in aghaidh an heicteáir nuair atá fíonghoirt aonair agus córais páirceanna neamhfhálaithe á gcur in iúl.

Thairis sin, cuireadh riail isteach lena luaitear go bhfuil feidhm ag uastáirgeacht 60 hl/ha nó 70 hl/ha in aghaidh an heicteáir maidir le húsáid an téarma 'Erstes Gewächs' [téarma a úsáidtear chun fíonta tirime ardcháilíochta ó fhíonghoirt a bhfuil ardrátáil acu i réigiún Rheingau a ainmniú] nuair a thagann na fíonchaora a úsáidtear ó fhánaí géara ag a bhfuil claonadh 30 % ar a laghad.

☑ Déanann an leasú difear don doiciméad aonair.

Ceannteideal

Cineálacha fíonchaor

Tuairisc

Amach anseo, liostófar na cineálacha fíniúna faoi na ceannteidil 'cineálacha fíniúna gile' agus 'cineálacha fíniúna deirge' in ionad 'fíonta geala' agus 'fíonta dearga agus *rosé*'.

Cuireadh na cineálacha seo a leanas isteach faoi 'cineálacha fíniúna gile':

Adelfränkisch, Arinto, Blütenmuskateller, Bukettrebe, Bukettsilvaner, Cabernet Blanc, Calardis Blanc, Calardis Musqué, Calardis Soleil, Chenin Blanc, Donauriesling, Donauveltliner, Felicia, Geisdutte, Gelber Orleans, Gf-GA 52-42, Goldmuskateller, Grünfränkisch, Grüner Veltliner, Hecker, Lämmerschwanz, Manzoni bianco, Muscaris, Riesel, Roter Müller Thurgau, Roter Riesling, Sauvignac, Sauvignon Gryn, Sauvitage, Sémillon, Soreli, Souvignier Gris, Verdejo blanco, Viognier, Vogelfränkisch, Voltis, Weißer Heunisch, Weißer Lagler, Weißer Räuschling.

Baineadh na cineálacha seo a leanas faoi 'cineálacha fíniúna gile':

Arnsburger, Ehrenbreitsteiner, Findling, Freisamer, Hölder, Juwel, Nobling, Orion, Regner, Reichensteiner, Saphira, Siegerrebe, Silcher, Sirius, Staufer.

Cuireadh na cineálacha seo a leanas isteach faoi 'cineálacha fíniúna deirge':

Affenthaler, Blauer Gänsfüßer, Blauer Kölner, Blauer Muskateller, Cabernet Franc, Cabernet Jura, Cabertin, Calardis Royal, Carillon, Hartblau, Kleiner Fränkischer Burgunder, Laurot, Levitage, Malbec, Merlot Khorus, Mohrenkönigin, Nebbiolo, Pinot Nova, Pinotin, Rosenmuskateller, Sangiovese, Satin Noir, Süßschwarz, Syrah, VB Cal. 1-22.

Baineadh na cineálacha seo a leanas faoi ‘cineálacha fíniúna deirge’:

Accent, Allegro, Bolero, Cabernet Carbon, Hegel, Heroldrebe, Neronet, Piroso, Rotberger, Rubinet.

☑ Déanann an leasú difear don doiciméad aonair.

Ceannteideal

Cineálacha fíonchaor

Tuairisc

Cuireadh riail isteach lena á rá gur féidir na cineálacha fíniúna uile a liostaítear a úsáid chun Rotling a tháirgeadh.

Sonraíodh freisin gur féidir na cineálacha fíniúna uile a úsáid chun fíon a tháirgeadh a ainmnítear mar ‘Fränkischer Satz’ agus ‘Alter fränkischer Satz’.

☐ Déanann an leasú difear don doiciméad aonair.

Ceannteideal

Ceanglais is infheidhme faoi reachtaíocht an Aontais nó reachtaíocht náisiúnta / ceanglais a atá leagtha síos ag eagraíocht a bhfuil an ATFC/an TGFC á bhainistiú aici

Tuairisc

Soiléiríodh cé na téarmaí traidisiúnta atá sainordaitheach agus cé na téarmaí atá roghnach maidir le lipéadú fíonta agus táirgí fíona.

☐ Déanann an leasú difear don doiciméad aonair.

Ceannteideal

Ceanglais is infheidhme faoi reachtaíocht an Aontais nó reachtaíocht náisiúnta / ceanglais a atá leagtha síos ag eagraíocht a bhfuil an ATFC/an TGFC á bhainistiú aici

Tuairisc

Déantar na coinníollacha maidir le húsáid an téarma thraidisiúnta ‘Prädikatswein’ [fíon lena ngabhann gné ar leith], arna fhorlíonadh le ‘Spätlese’, ‘Auslese’, ‘Beerenauslese’, ‘Trockenbeerenauslese’ nó ‘Eiswein’ a leagan amach i bpointe 10.2.

Déantar na rialacha maidir le húsáid an téarma thraidisiúnta ‘Prädikatswein’, arna fhorlíonadh le ‘Kabinett’, a leagan amach i bpointe 10.3.

Déantar na coinníollacha maidir le húsáid an téarma ‘Federweisser’/‘Federweißer’ a leagan amach i bpointe 10.4.

Déantar na rialacha is infheidhme maidir leis an limistéar, leis an bhfíonghort mórscála, leis an mbardas agus leis an gceantar a leagan amach i bpointí 10.5.1 agus 10.5.2

Déantar na cineálacha fíniúna a fhéadfar a úsáid chun fíon a tháirgeadh ó fhíonghoirt aonair agus ó chórais páirceanna neamhfhálaithe agus a bhfuil a léiriú sainordaitheach de réir na reachtaíochta atá ann cheana a liostú i bpointe 10.5.3. I bpointe 10.5.3 freisin, déantar na táscairí blais is incheadaithe le haghaidh na dtásc geografach sin agus an uastáirgeacht is incheadaithe in aghaidh an heicteáir a shonrú. Sonraíodh go bhfuil an táirgeacht in aghaidh an heicteáir le taifeadadh san ‘Herbstbuch’ [Dialann Buainte], arna miondealú de réir cineál fíniúna agus dáileachta talún.

Déantar na ceanglais a bhfuil feidhm acu maidir le húsáid an ainmniúcháin ‘Erstes Gewächs’ leagtha síos i bpointe 10.5.4. Sonraíodh cé na cineálacha fíniúna is féidir a úsáid chun táirgeadh a dhéanamh. Sonraíodh freisin nach mór an talamh comhfhreagrach faoi fhíniúnacha a bheith níos lú ná an talamh a úsáidtear le haghaidh an ATFC agus conas a dhéantar an talamh faoi fhíniúnacha a chríochú. Sonraíodh go bhfuil an táirgeacht in aghaidh an heicteáir le taifeadadh san ‘Herbstbuch’ [Dialann Buainte], arna miondealú de réir cineál fíniúna agus dáileachta talún.

I bpointe 10.5.5, luaitear cé na ceanglais ar gá don fhíon iad a chomhlíonadh chun go n-ainmneofar mar ‘Fränkischer Satz’ é.

I bpointe 10.5.6, luaitear cé na ceanglais ar gá don fhíon iad a chomhlíonadh chun go n-ainmneofar mar ‘Alter fränkischer Satz’ é.

I bpointe 10.6, leagtar amach rialacha maidir le cineálacha fíniúna a bhfuil uimhreacha pórúcháin acu. Sonraíodh nach bhféadfar ach ainmneacha iarbhír a úsáid ar lipéadú na dtáirgí a chumhdaítear leis an ATFC agus a mhargaítear le tásc ar an gcineál fíniúna (ceadaítear cumasc le tréithchineálacha nua). Thairis sin, sonraíodh nach mór táirgí a dhéantar go heisiach as fíonchaora de chuid tréithchineálacha nua a mhargú gan an cineál fíniúna a chur in iúl ar an lipéad.

☑ Déanann an leasú difear don doiciméad aonair.

Ceannteideal

Údaráis rialaithe

Tuairisc

Baineadh na húdaráis rialaithe agus a gcúraimí as an tsonraíocht táirge agus liostaítear iad i ndoiciméad ar leithligh.

☐ Déanann an leasú difear don doiciméad aonair.

Ceannteideal

Eile

Tuairisc

Rinneadh athruithe eagarthóireachta i gcomhréir le ceanglais an Aontais.

Scriosadh sleachta sa téacs ina n-atáirgtear rialacha ginearálta agus cuireadh isteach tagairt don 'dlí is infheidhme/an dlí reatha/an dlí atá ann cheana'.

Rinneadh struchtúr na sonraíochta táirge a chur i gcomhréir leis an doiciméad aonair.

Rinneadh críochú an limistéir a thuairiscítear sa tsonraíocht táirge a fhorlíonadh le liosta táblaithe de na dáileachtaí talún comhpháirteacha.

Soiléiríodh an nasc leis an limistéar i roinnt áiteanna.

☑ Déanann an leasú difear don doiciméad aonair.

DOICIMÉAD AONAIR

Ainmniúcháin tionscnaimh agus tásca geografacha i ndáil le fíon

'Franken'

Uimhir thagartha AE: PDO-DE-A1267-AM01 — 8.10.2025

1. **Ainm (nó ainmneacha)**

'Franken'

2. **Cineál an táisc gheografaigh**

☑ ATFC

☐ TGFC

☐ TG

3. **Tír ar léi an limistéar geografach sainithe**

An Ghearmáin

4. **Aicmiú an táirge talmhaíochta i gcomhréir le ceannteideal agus cód na hAinmníochta Comhcheangailte, dá dtagraítear in Airteagal 6(1) de Rialachán (AE) 2024/1143**

2204 – fíon ó fhíonchaora úra, lena n-áirítear fíonta treisithe; úrfhíon fíonchaor seachas é sin atá faoi cheannteideal 2009

5. **Catagóirí na dtáirgí fíniúna mar a liostaítear i gCuid II d'Iarscríbhinn VII a ghabhann le Rialachán (AE) Uimh. 1308/2013**

1. Fíon

3. Fíon licéir

5. Fíon súilíneach ar ardchaighdeán

8. Fíon leathshúilíneach

11. Úrfhíon fíonchaor páirt-choipthe

6. **Tuairisc ar an bhfíon (nó ar na fíonta)**

Táirge fíniúna

Fíon geal

Tréithe orgánaileipteacha

Cuma

Idir dath éadrom buí-ghlas agus buí órga; d'fhéadfadh imireacha de dhath dearg éadrom nó oráiste a bheith ann freisin.

Dea-bholadh

Carachtar éadrom torthaíoch, agus é spíosrach freisin, idir dea-bholadh luibheanna agus bláthacha; fanaile freisin, dea-bholaithe tóstáilte agus dea-bholaithe cnónna má stóráiltear in adhmad iad; dea-bholaithe clochacha amhail breochloch, deatach nó cloch fhliuch i gcás teicnící aibithe laghdaitheacha, ar choinníoll nach bhfuil aon fhabht san fhíon.

Blas

Carachtar torthaíoch i gcoitinne a bhaineann go sonrach leis an gcineál fíniúna, agus lena ngabhann mianracht agus dlús ard agus a mbíonn rian géire le brath air freisin ó am go chéile; alcól dea-chomhtháite; struchtúr aigéid bog agus comhchuí; idir tirim agus milis.

Faisnéis bhreise maidir le tréithe orgánaileipteacha

-

Saintréithe anailíseacha

Neart alcóil iomlán uasta (in % de réir toirte):	-
Neart alcóil iarbhír íosta (in % de réir toirte):	-
Aigéadacht iomlán íosta:	-
Aonad aigéadachta iomláine íosta:	-
Aigéadacht luaineach uasta (i milleachoibhéisí in aghaidh an lítir):	-
Dé-ocsaíd sulfair iomlán uasta (i milleagraim in aghaidh an lítir):	-

Faisnéis bhreise maidir le saintréithe anailíseacha

-

☑ Aon saintréith anailíseach nach léirítear sa roinn seo tá sí laistigh de na teorainneacha a leagtar síos i reachtaíocht an Aontais is infheidhme.

Táirge fíniúna

Úrfhíon fíonchaor páirt-choipthe, Rotling

Tréithe orgánaileipteacha

Cuma

Idir dearg éadrom agus liathdhearg, ina mbíonn imireacha scothghorma uaireanta; beagáinín moirtiúil mar gheall ar an ngiosta ar fuaidreamh.

Dea-bholadh

Dea-bholaithe coipthe agus dea-bholaithe atá inaitheanta go páirteach ar saintréith iad den chineál fíniúna.

Blas

Blasanna coipthe, dé-ocsaíd charbóin a thagann chun cinn le linn an choipthe, idir an-mhilis agus milis ar éigean ag brath ar an gcéim den choipeadh.

Faisnéis bhreise maidir le tréithe orgánaileipteacha

-

Saintréithe anailíseacha

Neart alcóil iomlán uasta (in % de réir toirte):	-
Neart alcóil iarbhír íosta (in % de réir toirte):	-
Aigéadacht iomlán íosta:	-
Aonad aigéadachta iomláine íosta:	-
Aigéadacht luaineach uasta (i milleachoibhéisí in aghaidh an lítir):	-
Dé-ocsaíd sulfair iomlán uasta (i milleagraim in aghaidh an lítir):	-

Faisnéis bhreise maidir le saintréithe anailíseacha

-

☑ Aon saintréith anailíseach nach léirítear sa roinn seo tá sí laistigh de na teorainneacha a leagtar síos i reachtaíocht an Aontais is infheidhme.

Táirge fíniúna

Fíon geal 'Erstes Gewächs'

Tréithe orgánaileipteacha

Cuma

Idir buí éadrom agus buí órga.

Dea-bholadh

Dea-bholadh torthaíoch, mionbholaithe laghdaitheacha gan fabhtanna san fhíon.

Blas

Struchtúr aigéid tirim comhchuí, mianracht shuntasach.

Faisnéis bhreise maidir le tréithe orgánaileipteacha

-

Saintréithe anailíseacha

Neart alcóil iomlán uasta (in % de réir toirte):	-
Neart alcóil iarbhír íosta (in % de réir toirte):	-
Aigéadacht iomlán íosta:	-
Aonad aigéadachta iomláine íosta:	-
Aigéadacht luaineach uasta (i milleachoibhéisí in aghaidh an lítir):	-
Dé-ocsaíd sulfair iomlán uasta (i milleagraim in aghaidh an lítir):	-

Faisnéis bhreise maidir le saintréithe anailíseacha

-

☑ Aon saintréith anailíseach nach léirítear sa roinn seo tá sí laistigh de na teorainneacha a leagtar síos i reachtaíocht an Aontais is infheidhme.

Táirge fíniúna

Fíon dearg

Tréithe orgánaileipteacha

Cuma

Idir dearg éadrom agus donnrua, dath an rúibín, dath an ghairnéid, corcairdhearg, scothghorm agus vialait dorcha fiú, agus d'fhéadfadh imireacha scothdhonna a bheith orthu freisin.

Dea-bholadh

Dea-bholadh fíneálta torthaíoch, struchtúr mín, tainniní discréideacha; fíonta dearga cumhachtacha: dea-bholaithe diana caora aibí, struchtúr feanólach suntasach; dea-bholaithe fanaile, caife nó tóstáilte freisin má dhéantar aosú agus stóráil i mbairillí adhmaid de mhéideanna éagsúla; dea-bholaithe clochacha amhail breochloch, deatach nó cloch fhliuch i gcás teicnící aibithe laghdaitheacha, ar choinníoll nach bhfuil aon fhabht san fhíon.

Blas

Blasanna fíneálta torthaíocha, struchtúr mín, tainniní discréideacha; fíonta dearga cumhachtacha: blasanna diana caor aibí, struchtúr feanólach suntasach; blasanna fanaile, caife nó tóstáilte freisin má dhéantar an t-aosú agus an stóráil i mbairillí adhmaid de mhéideanna éagsúla; idir tirim agus milis.

Faisnéis bhreise maidir le tréithe orgánaileipteacha

-

Saintréithe anailíseacha

Neart alcóil iomlán uasta (in % de réir toirte):	-
Neart alcóil iarbhír íosta (in % de réir toirte):	-
Aigéadacht iomlán íosta:	-
Aonad aigéadachta iomláine íosta:	-
Aigéadacht luaineach uasta (i milleachoibhéisí in aghaidh an lítir):	-
Dé-ocsaíd sulfair iomlán uasta (i milleagraim in aghaidh an lítir):	-

Faisnéis bhreise maidir le saintréithe anailíseacha

-

☑ Aon saintréith anailíseach nach léirítear sa roinn seo tá sí laistigh de na teorainneacha a leagtar síos i reachtaíocht an Aontais is infheidhme.

Táirge fíniúna

Fíon dearg 'Erstes Gewächs'

Tréithe orgánaileipteacha

Cuma

Idir dearg éadrom agus donnrua, dath an rúibín agus dath dearg an ghairnéid; dathanna scothdhonna freisin nuair a théann an aibíocht i méid.

Dea-bholadh

Caora, mionbholaithe bláthacha spíosracha; dea-bholaithe fanaile, caife nó tóstáilte freisin má dhéantar an t-aosú agus an stóráil i mbairillí adhmaid de mhéideanna éagsúla.

Blas

Tirim; struchtúr aigéid galánta, tainniní dea-chomhtháite.

Faisnéis bhreise maidir le tréithe orgánaileipteacha

-

Saintréithe anailíseacha

Neart alcóil iomlán uasta (in % de réir toirte):	-
Neart alcóil iarbhír íosta (in % de réir toirte):	-
Aigéadacht iomlán íosta:	-
Aonad aigéadachta iomláine íosta:	-
Aigéadacht luaineach uasta (i milleachoibhéisí in aghaidh an lítir):	-
Dé-ocsaíd sulfair iomlán uasta (i milleagraim in aghaidh an lítir):	-

Faisnéis bhreise maidir le saintréithe anailíseacha

-

☑ Aon saintréith anailíseach nach léirítear sa roinn seo tá sí laistigh de na teorainneacha a leagtar síos i reachtaíocht an Aontais is infheidhme.

Táirge fíniúna

Fíon *rosé*, Blanc de Noir(s)

Tréithe orgánaileipteacha

Cuma

Idir dearg éadrom agus liathdhearg nó idir bándearg éadrom go dath bándearg níos déine, Blanc de Noir(s): idir buí éadrom agus buíghlas gan imireacha scothdhearga.

Dea-bholadh

Dea-bholadh sainiúil torthaíoch agus úire thaitneamhach; dea-bholaithe clochacha amhail breochloch, deatach nó cloch fhliuch i gcás teicnící aibithe laghdaitheacha, ar choinníoll nach bhfuil aon fhabht san fhíon.

Blas

Torthaíoch, úr; idir tirim agus milis.

Faisnéis bhreise maidir le tréithe orgánaileipteacha

-

Saintréithe anailíseacha

Neart alcóil iomlán uasta (in % de réir toirte):	-
Neart alcóil iarbhír íosta (in % de réir toirte):	-
Aigéadacht iomlán íosta:	-
Aonad aigéadachta iomláine íosta:	-
Aigéadacht luaineach uasta (i milleachoibhéisí in aghaidh an lítir):	-
Dé-ocsaíd sulfair iomlán uasta (i milleagraim in aghaidh an lítir):	-

Faisnéis bhreise maidir le saintréithe anailíseacha

-

☑ Aon saintréith anailíseach nach léirítear sa roinn seo tá sí laistigh de na teorainneacha a leagtar síos i reachtaíocht an Aontais is infheidhme.

Táirge fíniúna

Fíonta Rotling

Tréithe orgánaileipteacha

Cuma

Idir dearg éadrom agus liathdhearg, ina mbíonn imireacha scothghorma uaireanta.

Dea-bholadh

dea-bholadh sainiúil torthaíoch agus úire thaitneamhach; dea-bholaithe clochacha amhail breochloch, deatach nó cloch fhliuch i gcás teicnící aibithe laghdaitheacha, ar choinníoll nach bhfuil aon fhabht san fhíon.

Blas

Torthaí atá suntasach go soiléir; idir tirim agus milis.

Faisnéis bhreise maidir le tréithe orgánaileipteacha

-

Saintréithe anailíseacha

Neart alcóil iomlán uasta (in % de réir toirte):	-
Neart alcóil iarbhír íosta (in % de réir toirte):	-
Aigéadacht iomlán íosta:	-
Aonad aigéadachta iomláine íosta:	-
Aigéadacht luaineach uasta (i milleachoibhéisí in aghaidh an lítir):	-
Dé-ocsaíd sulfair iomlán uasta (i milleagraim in aghaidh an lítir):	-

Faisnéis bhreise maidir le saintréithe anailíseacha

-

☑ Aon saintréith anailíseach nach léirítear sa roinn seo tá sí laistigh de na teorainneacha a leagtar síos i reachtaíocht an Aontais is infheidhme.

Táirge fíniúna

Prädikatswein Kabinett [fíon lena ngabhann gné ar leith 'Kabinett']

Tréithe orgánaileipteacha

Cuma

Idir buíghlas agus buí órga.

Dea-bholadh

Torthaíoch agus aramatach, péitseog, aibreog, torthaí aibí, lítsí agus rós freisin dea-bholaithe clochacha amhail breochloch, deatach nó cloch fhliuch i gcás teicnící aibithe laghdaitheacha, ar choinníoll nach bhfuil aon fhabht san fhíon.

Blas

Neart alcóil íseal, comhchuibheacht milseachta inbhraite agus aigéadacht bhríomhar; braistint fhoriomlán úr.

Faisnéis bhreise maidir le tréithe orgánaileipteacha

-

Saintréithe anailíseacha

Neart alcóil iomlán uasta (in % de réir toirte):	-
Neart alcóil iarbhír íosta (in % de réir toirte):	-
Aigéadacht iomlán íosta:	-
Aonad aigéadachta iomláine íosta:	-
Aigéadacht luaineach uasta (i milleachoibhéisí in aghaidh an lítir):	-
Dé-ocsaíd sulfair iomlán uasta (i milleagraim in aghaidh an lítir):	-

Faisnéis bhreise maidir le saintréithe anailíseacha

-

☑ Aon saintréith anailíseach nach léirítear sa roinn seo tá sí laistigh de na teorainneacha a leagtar síos i reachtaíocht an Aontais is infheidhme.

Táirge fíniúna

Prädikatswein Spätlese [fíon lena ngabhann gné ar leith ‘Spätlese’]

Tréithe orgánaileipteacha

Cuma

Saintréith den chineál fíniúna: idir dath buí na tuí agus buí órga nó imireacha éagsúla dearga.

Dea-bholadh

Dea-bholaithe diana, glana ar saintréith iad den chineál fíniúna.

Blas

Milseacht thorthaíoch shainiúil, idir leathmhilis agus milis.

Faisnéis bhreise maidir le tréithe orgánaileipteacha

-

Saintréithe anailíseacha

Neart alcóil iomlán uasta (in % de réir toirte):	-
Neart alcóil iarbhír íosta (in % de réir toirte):	-
Aigéadacht iomlán íosta:	-
Aonad aigéadachta iomláine íosta:	-
Aigéadacht luaineach uasta (i milleachoibhéisí in aghaidh an lítir):	-
Dé-ocsaíd sulfair iomlán uasta (i milleagraim in aghaidh an lítir):	-

Faisnéis bhreise maidir le saintréithe anailíseacha

-

☑ Aon saintréith anailíseach nach léirítear sa roinn seo tá sí laistigh de na teorainneacha a leagtar síos i reachtaíocht an Aontais is infheidhme.

Táirge fíniúna

Prädikatswein Auslese [fíon lena ngabhann gné ar leith 'Auslese']

Tréithe orgánaileipteacha

Cuma

saintréith den chineál fíniúna: buí órga nó dearg dian.

Dea-bholadh

Idir torthaí buí agus trópaiceacha agus torthaí triomaithe.

Blas

Idir leathmhilis agus milis.

Faisnéis bhreise maidir le tréithe orgánaileipteacha

-

Saintréithe anailíseacha

Neart alcóil iomlán uasta (in % de réir toirte):	-
Neart alcóil iarbhír íosta (in % de réir toirte):	-
Aigéadacht iomlán íosta:	-
Aonad aigéadachta iomláine íosta:	-
Aigéadacht luaineach uasta (i milleachoibhéisí in aghaidh an lítir):	-
Dé-ocsaíd sulfair iomlán uasta (i milleagraim in aghaidh an lítir):	-

Faisnéis bhreise maidir le saintréithe anailíseacha

-

☑ Aon saintréith anailíseach nach léirítear sa roinn seo tá sí laistigh de na teorainneacha a leagtar síos i reachtaíocht an Aontais is infheidhme.

Táirge fíniúna

Prädikatswein Beerenauslese/Trockenbeerenauslese [fíon lena ngabhann gné ar leith 'Beerenauslese' nó 'Trockenbeerenauslese']

Tréithe orgánaileipteacha

Cuma

Saintréith den chineál fíniúna: idir buí órga agus ómra nó dearg dian.

Dea-bholadh

Rísíní, torthaí triomaithe, mil, mionbholaithe spíosraí.

Blas

Milis.

Faisnéis bhreise maidir le tréithe orgánaileipteacha

-

Saintréithe anailíseacha

Neart alcóil iomlán uasta (in % de réir toirte):	-
Neart alcóil iarbhír íosta (in % de réir toirte):	-
Aigéadacht iomlán íosta:	-
Aonad aigéadachta iomláine íosta:	-
Aigéadacht luaineach uasta (i milleachoibhéisí in aghaidh an lítir):	-
Dé-ocsaíd sulfair iomlán uasta (i milleagraim in aghaidh an lítir):	-

Faisnéis bhreise maidir le saintréithe anailíseacha

-

☑ Aon saintréith anailíseach nach léirítear sa roinn seo tá sí laistigh de na teorainneacha a leagtar síos i reachtaíocht an Aontais is infheidhme.

Táirge fíniúna

Prädikatswein Eiswein [fíon lena ngabhann gné ar leith Eiswein']

Tréithe orgánaileipteacha

Cuma

Dath buí na tuí nó idir liathdhearg agus dearg éadrom.

Dea-bholadh

Torthaí triomaithe, mil.

Blas

Milis, aigéadacht thiubhaithe.

Faisnéis bhreise maidir le tréithe orgánaileipteacha

-

Saintréithe anailíseacha

Neart alcóil iomlán uasta (in % de réir toirte):	-
Neart alcóil iarbhír íosta (in % de réir toirte):	-
Aigéadacht iomlán íosta:	-
Aonad aigéadachta iomláine íosta:	-
Aigéadacht luaineach uasta (i milleachoibhéisí in aghaidh an lítir):	-
Dé-ocsaíd sulfair iomlán uasta (i milleagraim in aghaidh an lítir):	-

Faisnéis bhreise maidir le saintréithe anailíseacha

-

☑ Aon saintréith anailíseach nach léirítear sa roinn seo tá sí laistigh de na teorainneacha a leagtar síos i reachtaíocht an Aontais is infheidhme.

Táirge fíniúna

Fíon licéir, geal

Tréithe orgánaileipteacha

Cuma

Idir éadrom agus geala agus dath ómra; is féidir imireacha dearga geala a bheith ann freisin.

Dea-bholadh

Dea-bholaithe an-aibí, torthaí, mil, cnónna nó torthaí triomaithe; dea-bholaithe tóstáilte agus caramail freisin má dhéantar aosú agus stóráil i mbairillí adhmaid; beagán ocsaídiúcháin.

Blas

Blasanna an-aibí, torthaí, mil, cnónna nó torthaí triomaithe; blasanna tóstáilte agus caramail freisin má dhéantar aosú agus stóráil i mbairillí adhmaid; beagán ocsaídiúcháin; idir tirim agus milis.

Faisnéis bhreise maidir le tréithe orgánaileipteacha

-

Saintréithe anailíseacha

Neart alcóil iomlán uasta (in % de réir toirte):	-
Neart alcóil iarbhír íosta (in % de réir toirte):	-
Aigéadacht iomlán íosta:	-
Aonad aigéadachta iomláine íosta:	-
Aigéadacht luaineach uasta (i milleachoibhéisí in aghaidh an lítir):	-
Dé-ocsaíd sulfair iomlán uasta (i milleagraim in aghaidh an lítir):	-

Faisnéis bhreise maidir le saintréithe anailíseacha

-

☑ Aon saintréith anailíseach nach léirítear sa roinn seo tá sí laistigh de na teorainneacha a leagtar síos i reachtaíocht an Aontais is infheidhme.

Táirge fíniúna

Fíon licéir, dearg

Tréithe orgánaileipteacha

Cuma

Idir dúdhearg agus donndearg.

Dea-bholadh

Torthaí foraoise dorcha, cnónna nó torthaí triomaithe, dea-bholaithe rósta agus caramail freisin má dhéantar aosú agus stóráil i mbairillí adhmaid; beagán ocsaídiúcháin.

Blas

torthaí foraoise dorcha, cnónna nó torthaí triomaithe; dea-bholaithe rósta nó caramail freisin má dhéantar aosú agus stóráil i mbairillí adhmaid; beagán ocsaídiúcháin; idir tirim agus milis

Faisnéis bhreise maidir le tréithe orgánaileipteacha

-

Saintréithe anailíseacha

Neart alcóil iomlán uasta (in % de réir toirte):	-
Neart alcóil iarbhír íosta (in % de réir toirte):	-
Aigéadacht iomlán íosta:	-
Aonad aigéadachta iomláine íosta:	-
Aigéadacht luaineach uasta (i milleachoibhéisí in aghaidh an lítir):	-
Dé-ocsaíd sulfair iomlán uasta (i milleagraim in aghaidh an lítir):	-

Faisnéis bhreise maidir le saintréithe anailíseacha

-

☑ Aon saintréith anailíseach nach léirítear sa roinn seo tá sí laistigh de na teorainneacha a leagtar síos i reachtaíocht an Aontais is infheidhme.

Táirge fíniúna

Fíon súilíneach ar ardchaighdeán, geal

Tréithe orgánaileipteacha

Cuma

súilíneach go mín, idir buíghlas éadrom agus buí órga; is féidir imireacha scothdhearga a bheith ann.

Dea-bholadh

Torthaí ar saintréith iad den chineál fíniúna; dea-bholadh giosta agus *brioche* freisin má mhéadaítear an tréimhse stórála roimh an dímhoirtiú.

Blas

Torthaí ar saintréith iad den chineál fíniúna; giosta agus *brioche* freisin; idir *brut nature* agus tirim.

Faisnéis bhreise maidir le tréithe orgánaileipteacha

-

Saintréithe anailíseacha

Neart alcóil iomlán uasta (in % de réir toirte):	-
Neart alcóil iarbhír íosta (in % de réir toirte):	-
Aigéadacht iomlán íosta:	-
Aonad aigéadachta iomláine íosta:	-
Aigéadacht luaineach uasta (i milleachoibhéisí in aghaidh an lítir):	-
Dé-ocsaíd sulfair iomlán uasta (i milleagraim in aghaidh an lítir):	-

Faisnéis bhreise maidir le saintréithe anailíseacha

-

☑ Aon saintréith anailíseach nach léirítear sa roinn seo tá sí laistigh de na teorainneacha a leagtar síos i reachtaíocht an Aontais is infheidhme.

Táirg fíniúna

Fíon súilíneach ar ardchaighdeán, dearg

Tréithe orgánaileipteacha

Cuma

Súilíneach go mín, imireacha éagsúla dearga.

Dea-bholadh

Dea-bholaithe ar saintréith iad den chineál fíniúna, caora ar a mbíonn dath dearg éadrom nó dorcha; dea-bholadh giosta agus *brioche* freisin má mhéadaítear an tréimhse stórála roimh an dímhoirtiú.

Blas

Carachtar torthaíoch a bhaineann go sonrach leis an gcineál fíniúna; giosta agus *brioche* freisin; idir *brut nature* agus tirim.

Faisnéis bhreise maidir le tréithe orgánaileipteacha

-

Saintréithe anailíseacha

Neart alcóil iomlán uasta (in % de réir toirte):	-
Neart alcóil iarbhír íosta (in % de réir toirte):	-
Aigéadacht iomlán íosta:	-
Aonad aigéadachta iomláine íosta:	-
Aigéadacht luaineach uasta (i milleachoibhéisí in aghaidh an lítir):	-
Dé-ocsaíd sulfair iomlán uasta (i milleagraim in aghaidh an lítir):	-

Faisnéis bhreise maidir le saintréithe anailíseacha

-

☑ Aon saintréith anailíseach nach léirítear sa roinn seo tá sí laistigh de na teorainneacha a leagtar síos i reachtaíocht an Aontais is infheidhme.

Táirge fíniúna

Fíon súilíneach ar ardchaighdeán: *rosé*, Blanc de Noir(s)

Tréithe orgánaileipteacha

Cuma

leathshúilíneach go mín, idir dearg éadrom agus liathdhearg; idir dearg éadrom agus liathdhearg [*sic*]; Blanc de Noir(s): idir glas-bhuí éadrom agus buí órga gan imireacha scothdhearga.

Dea-bholadh

Dea-bholaithe torthaí ar saintréith iad den chineál fíniúna; dea-bholadh giosta agus *brioche* freisin má mhéadaítear an tréimhse stórála roimh an dímhoirtiú.

Blas

Blasanna torthaí ar saintréith iad den chineál fíniúna; idir *brut nature* agus tirim.

Faisnéis bhreise maidir le tréithe orgánaileipteacha

-

Saintréithe anailíseacha

Neart alcóil iomlán uasta (in % de réir toirte):	-
Neart alcóil iarbhír íosta (in % de réir toirte):	-
Aigéadacht iomlán íosta:	-
Aonad aigéadachta iomláine íosta:	-
Aigéadacht luaineach uasta (i milleachoibhéisí in aghaidh an lítir):	-
Dé-ocsaíd sulfair iomlán uasta (i milleagraim in aghaidh an lítir):	-

Faisnéis bhreise maidir le saintréithe anailíseacha

-

☑ Aon saintréith anailíseach nach léirítear sa roinn seo tá sí laistigh de na teorainneacha a leagtar síos i reachtaíocht an Aontais is infheidhme.

Táirge fíniúna

Fíon súilíneach ar ardchaighdeán, Rotling

Tréithe orgánaileipteacha

Cuma

Leathshúilíneach go mín, idir dearg éadrom agus liathdhearg.

Dea-bholadh

Dea-bholaithe torthaíocha sainiúla; dea-bholadh giosta agus *brioche* freisin má mhéadaítear an tréimhse stórála roimh an dímhoirtiú.

Blas

Torthaí ar saintréith iad den chineál fíniúna; idir *brut nature* agus tirim.

Faisnéis bhreise maidir le tréithe orgánaileipteacha

-

Saintréithe anailíseacha

Neart alcóil iomlán uasta (in % de réir toirte):	-
Neart alcóil iarbhír íosta (in % de réir toirte):	-
Aigéadacht iomlán íosta:	-
Aonad aigéadachta iomláine íosta:	-
Aigéadacht luaineach uasta (i milleachoibhéisí in aghaidh an lítir):	-
Dé-ocsaíd sulfair iomlán uasta (i milleagraim in aghaidh an lítir):	-

Faisnéis bhreise maidir le saintréithe anailíseacha

-

☑ Aon saintréith anailíseach nach léirítear sa roinn seo tá sí laistigh de na teorainneacha a leagtar síos i reachtaíocht an Aontais is infheidhme.

Táirge fíniúna

Fíon leathshúilíneach, geal

Tréithe orgánaileipteacha

Cuma

Boilgearnach go mín, idir buíghlas agus buí órga; is féidir imireacha scothdhearga a bheith ann.

Dea-bholadh

Carachtar torthaíoch a bhaineann go sonrach leis an gcineál fíniúna.

Blas

Carachtar torthaíoch a bhaineann go sonrach leis an gcineál fíniúna; struchtúr aigéid comhchuí; idir tirim agus séimh.

Faisnéis bhreise maidir le tréithe orgánaileipteacha

-

Saintréithe anailíseacha

Neart alcóil iomlán uasta (in % de réir toirte):	-
Neart alcóil iarbhír íosta (in % de réir toirte):	-
Aigéadacht iomlán íosta:	-
Aonad aigéadachta iomláine íosta:	-
Aigéadacht luaineach uasta (i milleachoibhéisí in aghaidh an lítir):	-
Dé-ocsaíd sulfair iomlán uasta (i milleagraim in aghaidh an lítir):	-

Faisnéis bhreise maidir le saintréithe anailíseacha

-

☑ Aon saintréith anailíseach nach léirítear sa roinn seo tá sí laistigh de na teorainneacha a leagtar síos i reachtaíocht an Aontais is infheidhme.

Táirge fíniúna

Fíon leathshúilíneach, dearg

Tréithe orgánaileipteacha

Cuma

Boilgearnach go mín, imireacha éagsúla dearga.

Dea-bholadh

Dea-bholaithe torthaí ar saintréith iad den chineál fíniúna.

Blas

Carachtar torthaíoch a bhaineann go sonrach leis an gcineál fíniúna; struchtúr aigéid comhchuí; idir tirim agus séimh.

Faisnéis bhreise maidir le tréithe orgánaileipteacha

-

Saintréithe anailíseacha

Neart alcóil iomlán uasta (in % de réir toirte):	-
Neart alcóil iarbhír íosta (in % de réir toirte):	-
Aigéadacht iomlán íosta:	-
Aonad aigéadachta iomláine íosta:	-
Aigéadacht luaineach uasta (i milleachoibhéisí in aghaidh an lítir):	-
Dé-ocsaíd sulfair iomlán uasta (i milleagraim in aghaidh an lítir):	-

Faisnéis bhreise maidir le saintréithe anailíseacha

-

☑ Aon saintréith anailíseach nach léirítear sa roinn seo tá sí laistigh de na teorainneacha a leagtar síos i reachtaíocht an Aontais is infheidhme.

Táirge fíniúna

Fíon leathshúilíneach: *rosé*, Blanc de Noir(s)

Tréithe orgánaileipteacha

Cuma

Boilgearnach go mín, idir dearg éadrom agus liathdhearg; Blanc de Noir(s): idir buíghlas agus buí órga gan imireacha scothdhearga.

Dea-bholadh

Dea-bholaithe torthaí ar saintréith iad den chineál fíniúna.

Blas

Carachtar torthaíoch a bhaineann go sonrach leis an gcineál fíniúna; struchtúr aigéid comhchuí; idir tirim agus séimh.

